



# An Garda Síochána

## Doiciméad Beartais

### Oifig Bainistíochta na Cúirte / Láithreoirí Cúirte

---

Dáta Éifeachta	08 Aibreán 2021
Leagan Uimh.	1.0
Arna cheadú ag	Feidhmeannach an Gharda
Arna thabhairt isteach le	Treoir HQ 009/2021
Úinéir Beartais	Coimisinéir Cúnta, Réigiún an Iarthuaiscirt

## Cuspóir

Is iad dualgais Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) an dlí coiriúil a fhorfheidhmiú sna cúirteanna thar ceann mhuintir na hÉireann, ionchúisimh phoiblí a stiúradh agus a mhaoirsiú ar díotáil sna cúirteanna, treoir agus comhairle ghinearálta a thabhairt don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre agus treoir shonrach a thabhairt don Gharda Síochána i gcásanna ina n-iarrtar sin. Go ginearálta, tugtar ionchúisimh achoimre sa Chúirt Dúiche ar agra an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí, áit a gcuireann comhaltaí den Gharda Síochána go leor cásanna i láthair.

I Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (DMR)<sup>1</sup>, agus laistigh de na Rannáin éagsúla, cuireadh de chúram ar Sháirsintí a bheith mar 'Láithreoirí Cúirte' sna Cúirteanna Dúiche ábhartha, áit a ndéanann siad tascanna lena n-áirítear dátaí éisteachta a bhainistiú cásanna agus fianaise a chur i láthair nuair is cuí. Cuireann Ceannfoirt nó Cigirí áitiúla ionchúisimh lasmuigh de Réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath (RCBÁC) faoi bhráid na cúirte ina Rannáin agus ina nDúichí ábhartha.

Is é cuspóir an bheartais seo cur chuige caighdeánaithe an Gharda Síochána a leagan amach do ról na hOifige Bainistíochta Cúirte agus ról na Láithreoirí Cúirte, lena n-áirítear na tacaíochtaí riaracháin gaolmhara éagsúla, cur i láthair fianaise sa chúirt (nuair is cuí) agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as a phearsanra trí chur i bhfeidhm Bheartas na hOifige Bainistíochta Cúirte / láithreoirí cúirte.

## Raon Feidhme

Tá feidhm ag an mBeartas seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir Alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

## Ráiteas Beartas

Is é an phríomh-réasúnaíocht atá ag oifig bainistíochta na cúirte / Láithreoirí Cúirte ná an Córas Láithreoireachta Cúirte a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus ionadaíocht a dhéanamh ar Ghardaí ionchúisimh sa chúirt trí fhoirmeacha rianaithe de bhun Alt 6(1) den Acht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997. Tacaíonn an cur chuige seo leis an nGarda Síochána a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, chun dea-rialachas agus bainistíocht éifeachtach ar a ról i bpróiseas na cúirte a chinntiú.

Beidh sé mar aidhm ag an mbeartas agus ag an nós imeachta gaolmhar seo tacú le hionchúiseamh éifeachtach cionta agus treoróidh sé caighdeánú fheidhmeanna bhainistíochta cásanna an Gharda Síochána trí na Cúirteanna Dúiche éagsúla, go náisiúnta. Úsáidfear é freisin chun dea-chleachtas a chur chun cinn i ngach ceann de láithrithe éagsúla chúirt an Gharda Síochána sa Chúirt Dúiche.

Beidh sé mar aidhm ag pearsanra an Gharda Síochána ag Oifig Bainistíochta Cúirte é seo a dhéanamh leis na nithe seo a leanas:

- Creat a sholáthar chun tacú le cur chuige comhsheasmhach i leith próisis chúirte lena n-áirítear ullmhú, cur i láthair agus riarachán iar-chúirte.
- Doiciméid a úsáideann na Gardaí sa chúirt a chaighdeánú.
- Tacaíocht foghlama idirghníomhach a chur ar fáil do Láithreoirí Cúirte go náisiúnta.
- Acmhainn faisnéise a chur ar fáil do gach comhalta atá ag ullmhú le haghaidh freastal os comhar cúirte.

Is ar an nGarda imscrúdaithe atá an phríomhfhreagracht as teagmháil a dhéanamh le híospartaigh na coireachta, agus ag an am céanna is í an ghníomhaireacht áitiúil a úsáideann tacaíocht ó Oifig Sheirbhís Íospartach an Gharda Síochána.



<sup>1</sup> Ba chóir a thabhairt faoi deara go n-oibrítear an DMR ar bhonn réigiúnach agus go bhféadfadh éagsúlachtaí beaga tarlú.

## Breithnithe maidir le Cearta an Duine

Is príomhchuspóir póilíneachta é cearta an duine a chur i bhfeidhm agus is é bunús na póilíneachta é. Tá ról ríthábhachtach ag pearsanra an Gharda Síochána maidir lena chinntiú go bhféadfadh saoránaigh leas a bhaint as a gcearta chun maireachtáil saor ó fhoréigean, ó mhí-úsáid agus ó choireacht. Cuidíonn pearsanra an Gharda Síochána freisin le timpeallacht a chaomhnú inar féidir le daoine maireachtáil saor ó eagla agus leas a bhaint as cearta agus saoirsí eile.

Ní mór do pearsanra an Gharda Síochána a bheith ar an eolas go bhfuil sé de cheart ag gach duine triail chóir, cóir chothrom agus dínit phearsanta a fháil, agus níor cheart go ndéanfadh aon ghníomh idirdhealú éagórach, míréasúnta ná gan chúis idir daoine aonair.

Tá tagairt ar leith ag na hailt seo a leanas do Bheartas na hOifige Bainistíochta Cúirte / Láithreoirí Cúirte agus don doiciméad nós imeachta gaolmhar:

- Is é seo a leanas **Airteagal 6(1)** den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR): 'Le linn a chearta agus a oibleagáidí sibhialta nó aon chúiseamh coiriúil ina choinne a bheith á gcinneadh, tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil **laistigh de thréimhse réasúnach** ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú le dlí.'
- Is é atá in **Airteagal 13** 'gach uile dhuine a sháraítear a chearta agus a shaoirsí mar atá leagtha amach sa Choinbhinsiún seo, beidh leigheas éifeachtach aige os comhair údaráis náisiúnta d'ainneoin an sárú a bheith déanta ag daoine atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil.'

Tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar chearta uile an duine i gcomhréir leis na heagraíochtaí Um Chearta an Duine agus freagrachtaí agus cúraimí a bhaineann le himscrúdú agus le cur isteach comhad imscrúdaithe choiriúil agus cáipéisí gaolmhara a chur faoi bhráid Oifig Bainistíochta na Cúirte ag an am céanna.

## Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus na doiciméid ghaolmhara a ghabhann leis éigeantach do gach comhalta den Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda

## Doiciméid Ghaolmhara

- Doiciméad nós imeachta na hOifige Bainistíochta Cúirte / Na Láithreoirí Cúirte

## Scagthástáil ó thaobh an dlí & Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna ar an mBeartas seo i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don limistéar ábhair lena mbaineann.

## Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

## Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas seo dhá mhí dhéag 12 óna dháta éifeachta agus gach trí bliana ina dhiaidh sin. Athbhreithniú déanfar athbhreithniú ar na beartais sin gach trí bliana.

## Séanadh

Ní bheartaítear gur comhairle dlí atá sa doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

